Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Aibreán 2025 (OR. en)**

**7985/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0094(NLE)**

**ECOFIN 420**
**UEM 109**
**FIN 410**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 177 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21; ST 10150/21 ADD 1 REV 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 177 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 177 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.4.2025
COM(2025) 177 final

2025/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21; ST 10150/21 ADD 1 REV 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne**

2025/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21; ST 10150/21 ADD 1 REV 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Spáinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 14 Bealtaine 2024[4] agus an 21 Eanáir 2025[5].

(2) An 21 Márta 2025 rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Spáinn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 12 bheart.

(4) Mhínigh an Spáinn go ndearnadh 11 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an tualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
2 ST 10150/21; ST 10150/21 ADD 1 REV 1.
3 ST 13695/23 REV 1; ST 13695/23 ADD 1 REV 1.
4 ST 9303/24; ST 9303/24 ADD 1.
5 ST 17099/24; ST 17099/24 ADD 1.

lena mbaineann á mbaint amach san am céanna. Baineann an méid sin leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 70 de bheart I3 (Infheistíocht: Éiceachórais agus an bonneagar glas a athchóiriú) faoi chomhchuid 4 (éiceachórais agus bithéagsúlacht). Baineann an méid sin leis na spriocanna ag a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 76 agus 427 agus leis an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Gníomhaíochtaí cóireála, sláintíochta, éifeachtúlachta, coigiltis, athúsáide agus sábháilteachta bonneagair (DESEAR)) a chur chun feidhme) faoi chomhchuid 5 (acmhainní cósta agus uisce). Baineann an méid sin leis an gcloch mhíle ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 160 de bheart I1 (Infheistíocht: Rialachán Ginearálta an Stáit a nuachóiriú), leis an gcloch mhíle ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 163 agus leis an tuairisc ar bheart I2 (Infheistíocht: Tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigiteáil) faoi chomhchuid 11 (riaracháin phoiblí a nuachóiriú). Baineann an méid sin leis na spriocanna ag a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 196 agus 198 agus leis an tuairisc ar bheart I2 (Infheistíocht: Fás) faoi chomhchuid 13 (tacaíocht do FBManna). Baineann an méid sin leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 262 agus leis an tuairisc ar bheart I3 (Infheistíocht: Tionscadail phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T & F & N nua, tástálacha coincheapa agus dámhachtain cabhrach de thoradh glaonna iomaíocha idirnáisiúnta. Taighde agus forbairt cheannródaíoch atá dírithe ar dhúshláin shochaíocha. Soláthar poiblí réamhthráchtála) agus leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 263 agus an tuairisc ar bheart I4 (Infheistíocht: Gairm bheatha eolaíoch nua) faoi chomhchuid 17 (eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht). Baineann an méid sin leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 279 de bheart I1 (Infheistíocht: Plean infheistíochta le haghaidh trealamh ardteicneolaíochta sa Chóras Sláinte Náisiúnta) faoi chomhchuid 18 (an córas sláinte náisiúnta a athchóiriú agus a acmhainneacht a leathnú). Baineann an méid sin leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 312, leis an tuairisc ar bheart I4 (Infheistíocht: oiliúint baill foirne teagaisc agus baill foirne taighde) agus leis an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 468 agus an tuairisc ar bheart I6 (Infheistíocht: Plean um fhorbairt micridhintiúr ollscoile) faoi chomhchuid 21 (an toideachas a nuachóiriú agus a dhigiteáil, lena náirítear an luathoideachas 03). Baineann an méid sin sin leis na spriocanna ag a bhfuil na huimhreacha seicheamhacha 321 agus 323 agus leis an tuairisc ar bheart I1 (Infheistíocht: Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht) faoi chomhchuid 22 (plean gníomhaíochta maidir le geilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe a neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn go mbainfí faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart, go soiléireofaí go mbaineann gnéithe áirithe le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart, agus go simpleofaí tuairiscí ar bhearta nó clocha míle agus spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar chun cuspóirí na mbeart lena mbaineann a bhaint amach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Spáinn maidir leis an an sprioc ag a bhfuil an uimhir sheicheamhach 349 faoi bheart I6 (Infheistíocht: Plean cuimsitheach chun borradh a chur faoin ngeilleagar sóisialta) faoi chomhchuid 23 (beartais phoiblí nua le haghaidh margadh saothair dinimiciúil, athléimneach agus cuimsitheach), nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar thuilte mórscála. Ar an mbonn sin, d'iarr an Spáinn síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na sprice thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Spáinn, go bhfuil údar maith leis an leasú/na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE)

2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(7) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Spáinn i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 10150 2021 ADD 1 REV 2 an 6 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(10) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamhiníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

(11) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

***Ranníocaíocht airgeadais***

(12) Is é EUR 163 029 653 473 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Spáinne. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Spáinn, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Spáinne, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith cothrom le EUR 163 029 653 473. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Spáinn.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Spáinne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena náirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*